Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5750/26**
**ADD 1**

**FIN 138**
**PE-L 4**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 |

- *Glacadh*
- *Formheas litreach*


IARSCRÍBHINN 1: .... Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) ..... 4

IARSCRÍBHINN 2: Gníomhaireacht Tacaíochta Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC) ..... 7

IARSCRÍBHINN 3: ....... Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) 10

IARSCRÍBHINN 4: ..... An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) 13

IARSCRÍBHINN 5: ..... An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) 16

IARSCRÍBHINN 6: ..... An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) 18

IARSCRÍBHINN 7: ..... An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) 20

IARSCRÍBHINN 8: ................An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) 23

IARSCRÍBHINN 9: ............Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) 25

IARSCRÍBHINN 10: ..................................Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) 28

IARSCRÍBHINN 11: ................................. An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) 31

IARSCRÍBHINN 12: ..............Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) 34

IARSCRÍBHINN 13: ................... An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) 37

IARSCRÍBHINN 14: ................. An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) 40

IARSCRÍBHINN 15: ....................................An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) 43

IARSCRÍBHINN 16: ............................ An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) 45

IARSCRÍBHINN 17: ........................................................................ An tÚdarás Eorpach Saothair 48

IARSCRÍBHINN 18: ......................................... An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) 51

IARSCRÍBHINN 19: ........................................ Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) 54

IARSCRÍBHINN 20: .....................................................An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF) 57

IARSCRÍBHINN 21:An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) ........................................................................................................................ 60

IARSCRÍBHINN 22: An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) .............................................................................................................................. 63

IARSCRÍBHINN 23:Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) ........................................................................................................................ 66

IARSCRÍBHINN 24: ...........Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) 69

IARSCRÍBHINN 25: ....................................... An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) 72

IARSCRÍBHINN 26: ......................... An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) 75

IARSCRÍBHINN 27: .................... Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) 78

IARSCRÍBHINN 28: ........ An Ghníomhaireacht Eorpach chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) .............................. 80

IARSCRÍBHINN 29: .....................An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) 83

IARSCRÍBHINN 30: ......Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) ............................................................................................................. 86

IARSCRÍBHINN 31: ................................................ Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh 89

IARSCRÍBHINN 32: ...Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) ............................................................................................................. 92

IARSCRÍBHINN 33: ....................................................Gníomhaireacht Soláthair Euratom (GSE) 95

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh**
**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (athmhúnlú)[1], agus go háirithe Airteagal 35(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

1 IO L 158, 14.6.2019, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/942/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN DRÉACHT-MHOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR IDIR RIALÁLAITHE FUINNIMH (ACER)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle gur sáraíodh rialacha an Rialacháin Airgeadais maidir le nósanna imeachta soláthair, cibé acu a bhaineann sé le meastóireacht ar chonarthaí, dámhachtain conarthaí nó cur chun feidhme conarthaí, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht an cás seo a leigheas trí athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta, bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus neamhchosaint ar rioscaí dlíthiúla a íoslaghdú.

Maidir le bainistiú buiséid, tugann an Chomhairle dá haire rátaí arda athfhillteacha maidir le tabhairt anonn, a raibh 28 % de leithreasuithe neamhdhifreáilte a tugadh ar aghaidh go dtí 2025 mar thoradh orthu. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an t-réasúnú atá ag an nGníomhaireacht oibleagáidí conarthacha 2024 a chumhdach, meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht pleanáil níos fearr a dhéanamh, chun bainistiú fónta airgeadais agus buiséid a ráthú.

**IARSCRÍBHINN 2**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Ghníomhaireacht Tacaíochta Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC)**

**i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Tacaíochta Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC)**

**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1971[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus an Ghníomhaireacht Tacaíochta do BEREC (Oifig BEREC), lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 agus go háirithe Airteagal 28(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Tacaíochta do BEREC (Oifig BEREC) don bhliain airgeadais 2024, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi[3],

1 IO L 321, 17.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1971/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN DRÉACHTMHOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT LE hAGHAIDH TACAÍOCHT DO CHOMHLACHT NA RIALÁLAITHE EORPACHA UM CHUMARSÁID LEICTREONACH (OIFIG BEREC)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire an bharúil a thug an Chúirt maidir le heaspa critéir roghnúcháin sna sonraíochtaí tairisceana agus aithníonn sí míniú na Gníomhaireachta agus a tiomantas na cásanna sin a chosc amach anseo.

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a mheastóireacht 5 bliana atá fós ar feitheamh a thíolacadh, arb é is aidhm di aghaidh a thabhairt ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann struchtúr agus sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú agus ar na himpleachtaí airgeadais gaolmhara.

IARSCRÍBHINN 3

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91[1] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 121(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

[1] IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚIL A GHABHANN LEIS AN DRÉACHT-MHOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT SÁBHÁILTEACHTA EITLÍOCHTA AN AONTAIS EORPAIGH (EASA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire íocaíocht neamhrialta amháin faoi chreatchonradh le haghaidh seirbhísí TF agus aithníonn sí an gníomhaíocht cheartaitheach a rinne an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 64(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh, dá ngairtear ‘an tÚdarás’ anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireacht an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

1 IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚIL A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON ÚDARÁS BAINCÉIREACHTA EORPACH (ÚBE)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Údaráis mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Údaráis, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire ath-leithdháileadh na n-acmhainní atá ann cheana chun cúraimí nua a chumhdach agus poist nua a chruthú a bhaineann le tús chur chun feidhme an Ghnímh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil agus an Rialacháin maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní agus iarrann sí ar an Údarás feabhas a chur ar an bhfaireachán ar mhaoiniú an tionscail agus ar bhainistiú acmhainní.

**IARSCRÍBHINN 5**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán**

**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 97(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde i leith chur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 64(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Ceirde, dá ngairtear 'an tÚdarás' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireacht an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

1 IO L 331, 15.12.2010, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1094/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht**
**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/819 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (athmhúnlú)[1],

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, dá ngairtear an 'Institiúid' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na hInstitiúide don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh na freagraí ón Institiúid ar na barúlacha ón gCúirt léi[3],

---

[1] IO L 189, 28.5.2021, lch. 61, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/819/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na hInstitiúide chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na hInstitiúide i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON INSTITIÚID EORPACH UM NUÁLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT (EIT)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na hInstitiúide mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na hInstitiúide, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire na rioscaí airgeadais a bhaineann le híocaíochtaí réamh-mhaoinithe, arb ionann iad agus 92.9 % de na híocaíochtaí iomlána a rinneadh in 2024 agus méid EUR 412 mhilliún, agus, dá bhrí sin, iarrann sí ar an Institiúid dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na himréitigh agus a áirithiú nach ndéanfaidh na hathruithe ar struchtúr na gcomhaontuithe deontais dochar do bhainistíocht fhónta airgeadais.

Iarrann an Chomhairle ar an Institiúid feabhas a chur ar rialuithe inmheánacha chun creatchonarthaí a chur chun feidhme ar bhealach comhlíontach, go háirithe maidir le seirbhísí taistil.

Iarrann an Chomhairle ar an Institiúid feabhas a chur ar a bhainistiú buiséid chun comhlíonadh iomlán an Rialacháin Airgeadais a áirithiú. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thabhairt anonn leithreasuithe, ar tharraingt suas agus ar fhoilsiú cuntas, chomh maith le cuntasaíocht ioncaim. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas na hInstitiúide athbhreithniú a dhéanamh ar a struchtúr buiséadach chun na tarluithe sin a sheachaint amach anseo.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí**
**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí[1], agus go háirithe Airteagal 19(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

[1] IO L 208, 5. 8. 2002, lch 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1406/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 526/2013[1], agus go háirithe Airteagal 31(12) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

[1] IO L 151, 7.6.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/881/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHIBEARSHLANDÁIL (ENISA)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúil na Cúirte maidir leis an easpa treoirlínte nó seiceálacha *ex-ante* i dtaca le comhdhálacha arna n-eagrú ag an nGníomhaireacht, a d'fhág gur íocadh meánrátaí óstáin os cionn na n-uasteorainneacha is infheidhme maidir le foireann an Aontais agus go raibh táillí arda i gceist le háirithintí a chur ar ceal. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an Ghníomhaireacht tiomanta na bearta is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist shonrach sin agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht a córais rialaithe a athbhreithniú agus a fheabhsú.

Maidir le bainistiú buiséid, tugann an Chomhairle dá haire na leithreasuithe athfhillteacha a thugtar anonn, ar tugadh 16.9 % de leithreasuithe neamhdhifreáilte na bliana ar aghaidh go 2025 dá mbarr agus meabhraítear di a thábhachtaí atá sé go gcomhlíonfaí prionsabal na bliantúlachta.

Tugann an Chomhairle dá haire an cleachtas athfhillteach maidir le híocaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den spriocdháta dlíthiúil agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht an bainistiú buiséid a bhíonn ar bun aici a leigheas agus a fheabhsú.

Mar obair leantach, is oth leis an gComhairle an maolú a dhéantar go leanúnach ar na rialacha, ar dá réir a leanann an Ghníomhaireacht de chead a thabhairt d'fhoireann eatramhach róil a ghlacadh sa scagchuaird airgeadais, gan toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún, chomh maith le forluí freagrachtaí na n-oifigeach éagsúil a bhfuil baint acu leis na rialuithe inmheánacha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a moladh go mbainfeadh an Ghníomhaireacht úsáid éifeachtúil as na hacmhainní atá ar fáil, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, agus urraim chuí á tabhairt do phrionsabail dheighilt na ndualgas agus na heaspa coinbhleachta leasa.

**IARSCRÍBHINN 10**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004[1], agus go háirithe Airteagal 65(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Iarnróid Eorpaí, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

1 IO L 138, 26.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/796/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúil áirithe ón gComhairle, atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT IARNRÓID AN AONTAIS EORPAIGH (ERA)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir le drochdhoiciméadú agus drochshonrascú, a bhfuil impleachtaí airgeadais ag baint leo, aithníonn sí a thiomanta atá an Ghníomhaireacht é sin a leigheas agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht a córais bhainistithe agus rialaithe a neartú.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí**
**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 64(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí, dá ngairtear 'an tÚdarás' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireacht an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

1 IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúil áirithe ón gComhairle, atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚIL A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON ÚDARÁS EORPACH UM URRÚIS AGUS MARGAÍ (ESMA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Údaráis mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Údaráis, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Aithníonn an Chomhairle na rialuithe inmheánacha ar cláraíodh maoluithe ar rialacha bainistithe conarthaí an Rialacháin Airgeadais dá mbarr, ach iarrann sí ar an Údarás dícheall cuí a dhéanamh maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart, trína áirithiú go síneofar gealltanais dhlíthiúla sula dtosófar ag cur na conarthaí chun feidhme.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE[1], agus go háirithe Airteagal 86 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

[1] IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúil áirithe ón gComhairle, atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM AN gCLÁR SPÁIS (EUSPA)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire ráta athfhillteach ard na leithreasuithe a thugtar anonn, ar tugadh 22.3 % de leithreasuithe neamhdhifreáilte na bliana, agus 70.6 % faoi Theideal II, ar aghaidh go 2025 dá mbarr. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an freagra ón nGníomhaireacht, meabhraítear di a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht gníomhaíocht feabhais a dhéanamh chun cásanna eile mar sin a chosc agus chun cur chun feidhme fónta a buiséid a ráthú.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna i leith chur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 15(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna, dá ngairtear an 'Lárionad' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí an Lárionaid ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 90, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/128/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúil áirithe ón gComhairle, atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Lárionaid ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Lárionaid i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚIL A GHABHANN LEIS**
**AN DRÉACHTMHOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT**
**DON LÁRIONAD EORPACH UM FHORBAIRT NA GAIRMOILIÚNA (Cedefop)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Lárionaid mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Lárionaid, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire an cleachtas athfhillteach maidir le híocaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den spriocdháta dlíthiúil agus iarrann sí ar an Lárionad an bainistiú buiséid a bhíonn ar bun aici a leigheas agus a fheabhsú.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú**
**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú[1], agus go háirithe Airteagal 23(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú, dá ngairtear an 'Lárionad' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí an Lárionaid ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

1 IO L 142, 30.4.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/851/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Lárionaid ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir an Lárionaid i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON LÁRIONAD EORPACH UM GHALAIR A CHOSC AGUS A RIALÚ (ECDC)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Lárionaid mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Lárionaid, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire na heasnaimh sa mheastóireacht ar thairiscintí, is díol sásaimh di freagra an Lárionaid agus iarrann sí air a chórais bhainistithe agus rialaithe a neartú chun a áirithiú go gcomhlíonfaí an Rialachán Airgeadais go hiomlán.

Maidir le bainistiú buiséid, tugann an Chomhairle dá haire na rátaí athfhillteacha arda maidir le tabhairt anonn, ar tugadh 24.7 % de leithreasuithe neamhdhifreáilte na bliana, 23 % faoi Theideal II agus 52.3 % faoi Theideal III, ar aghaidh go 2025 dá mbarr. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an freagra ón nGníomhaireacht, meabhraítear di a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh agus iarrann sí ar an Lárionad gníomhaíocht feabhais a dhéanamh chun cásanna eile mar sin a chosc agus chun cur chun feidhme fónta a buiséid a ráthú.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**

**an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia**

**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta maidir le cúrsaí sábháilteachta bia[1], agus go háirithe Airteagal 44(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia, dá ngairtear 'an tÚdarás' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireacht an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

[1] IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj.

[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne i leith chur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le hInstitiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú[1], agus go háirithe Airteagal 15(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, dá ngairtear an 'Institiúid' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na hInstitiúide don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh na freagraí ón Institiúid ar na barúlacha ón gCúirt léi[3],

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1922/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na hInstitiúide chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na hInstitiúide i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON INSTITIÚID EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE (EIGE)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na hInstitiúide mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na hInstitiúide, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir le nósanna imeachta soláthair agus cleachtais bainistithe airgeadais na hInstitiúide, lena n-áirítear ábhair imní a bhaineann le ceanglais iomarcacha maidir le hacmhainneacht airgeadais, cáilíochtaí foirne éilitheacha a d’fhéadfadh tairgeoirí féideartha a dhíspreagadh, chomh maith le laigí sa mheastóireacht. Molann an Chomhairle don Institiúid athbhreithniú a dhéanamh ar a cleachtais chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán Airgeadais go hiomlán, agus ceanglais a leagan síos a bheidh comhréireach leis na seirbhísí sna téarmaí tagartha a bhaineann lena nósanna imeachta soláthair.

Ag féachaint don bhainistiú buiséid, tugann an Chomhairle dá haire ráta athfhillteach ard na leithreasuithe a thugtar anonn, ar tugadh 18 % de leithreasuithe neamhdhifreáilte na bliana, agus 50.2 % faoi Theideal III, ar aghaidh go 2025 dá mbarr. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh agus iarrann sí ar an Institiúid gníomhaíocht feabhais a dhéanamh chun cásanna eile mar sin a chosc agus chun cur chun feidhme fónta a buiséid a ráthú.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**

**an Údaráis Eorpaigh Saothair**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**an Údaráis Eorpaigh Saothair**

**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344[1], agus go háirithe Airteagal 28(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Eorpaigh Saothair, dá ngairtear ‘an tÚdarás’ anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireacht an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

[1] IO L 186, 11.7.2019, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1149/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON ÚDARÁS EORPACH SAOTHAIR (ESO)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Údaráis mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Údaráis, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle tuairim cháilithe na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí, a eascraíonn as nós imeachta soláthair amháin, agus as sáruithe ar sheiceálacha *ex ante* le linn chur chun feidhme conartha. Cé go n-aithníonn an Chomhairle freagraí an Údaráis agus dúnadh an chonartha a measadh a bheith neamhrialta, iarrann sí ar an Údarás rialú inmheánach a leigheas agus a athbhreithniú chun dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart a áirithiú, i gcomhréir iomlán leis an Rialachán Airgeadais.

Tugann an Chomhairle dá haire forghníomhú íocaíochtaí an Údaráis lasmuigh den spriocdháta dlíthiúil agus iarrann sí ar an Údarás gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh.

Iarrann an Chomhairle ar an Údarás feabhas a chur ar a bhainistiú buiséid chun comhlíonadh iomlán an Rialacháin Airgeadais a áirithiú. Agus é sin á dhéanamh, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chuntais agus cuntasaíocht ioncaim a tharraingt suas.

Ar deireadh, tugann an Chomhairle dá haire cion ard na n-oibrithe sealadacha agus na saineolaithe náisiúnta ar iasacht, chomh maith leis an gcleachtas príomhghníomhaíochtaí airgeadais a shannadh don chatagóir foirne sin. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, i éineacht leis an Údarás, ar an bplean bunaíochta agus réitigh a lorg i dtreo comhchuibhiú le Gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**

**na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí**

**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 ina leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht ar tháirgí míochaine lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach[1], agus go háirithe Airteagal 68(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí don bhliain airgeadais 2024, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

1 IO L 136, 30.4.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/726/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT LEIGHEASRA EORPACH (EMA)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tá imní fós ar an gComhairle maidir le foléas iar-áitribh na Gníomhaireachta i Londain, agus cumas na Gníomhaireachta a hoibleagáidí a bhaineann le maoin a áirithiú, go háirithe a mhéid a bhaineann le sócmhainneacht an tionónta reatha. Cé go n-aithníonn an Chomhairle na forbairtí is déanaí, ar réitigh pháirteacha iad, iarrann sí ar an nGníomhaireacht leanúint de réiteach dlíthiúil ar an staid a lorg, arna chainníochtú ag EUR 543 mhilliún ó thaobh neamhchosaint airgeadais de, i gcás ina mbeidh an t-áitreabh folamh don chuid eile den léas.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart i ndáil le creatchonarthaí na Gníomhaireachta do sheirbhísí TF agus na méaduithe ar an uasteorainn do roinnt conarthaí thar na tairseacha a leagtar síos leis an Rialachán Airgeadais. Cé go n-aithníonn an Chomhairle freagra na Gníomhaireachta, iarrann sí ar an nGníomhaireacht a nósanna imeachta a athbhreithniú agus bearta a chur chun feidhme chun bainistíocht fhónta airgeadais agus comhlíonadh iomlán an Rialacháin Airgeadais a áirithiú a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta soláthair.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Riaracháin**

**Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh**

**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE')[1], agus go háirithe Airteagal 94(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntas ioncaim agus chaiteachais Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, dá ngairtear 'OIPE' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí OIPE ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

1 IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad OIPE ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin OIPE i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT D'OIFIGEACH AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH (OIPE)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla OIPE mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha na Rialacha Airgeadais is infheidhme maidir le OIPE, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe OIPE i ndáil le creatchonarthaí do sheirbhísí TF a chur chun feidhme. Cé go n-aithníonn an Chomhairle freagra OIPE, iarrann sí ar OIPE an bharúil maidir le soláthairtí amach anseo a mheas, measúnú níos fearr a dhéanamh ar mhéid na seirbhísí measta le haghaidh próifílí sonracha agus comhleanúnachas a áirithiú idir sonraíocht tairisceana agus cur chun feidhme conarthaí, d'fhonn iomaíocht tairgeoirí a chosaint freisin.

Tugann an Chomhairle dá haire freisin nár ghlac OIPE plean cuimsitheach leanúnachais gnó go fóill. Cé go n-aithníonn an Chomhairle go bhfuil obair fós ar siúl agus go bhfuiltear ag súil lena ghlacadh in 2025, iarrann sí ar OIPE bailchríoch a chur ar an bplean agus é a fhormheas, chun a airithiú go maolófar rioscaí oibríochtúla leis na socruithe leordhóthanacha atá i bhfeidhm.

**IARSCRÍBHINN 20**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna**
**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1339/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear Fondúireacht Eorpach Oiliúna (athmhúnlú)[1], agus go háirithe Airteagal 17(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna don bhliain airgeadais 2024, dá ngairtear 'an Fhondúireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Fondúireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

1 IO L 354, 31.12.2008, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1339/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Fondúireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Fondúireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON FHONDÚIREACHT EORPACH OILIÚNA (ETF)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Fondúireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Fondúireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle gur lean an Fhondúireacht d'íocaíochtaí a dhéanamh in 2024 a bhaineann le nósanna imeachta soláthair a mheas an Chúirt a bheith neamhrialta in 2022 agus iarrann sí ar an bhFondúireacht bearta feabhais a chur i bhfeidhm agus comhlíonadh iomlán a nósanna imeachta soláthair leis an Rialachán Airgeadais a áirithiú.

Tugann an Chomhairle dá haire an cleachtas athfhillteach maidir le híocaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den spriocdháta dlíthiúil agus iarrann sí ar an bhFondúireacht a bainistiú buiséid a leigheas agus a fheabhsú.

Chun na laigí a thug an Chúirt faoi deara i nósanna imeachta soláthair a sheachaint, go háirithe ceanglais neamh-chomhréireacha a leagan síos maidir le hacmhainneacht airgeadais tairgeoirí, nósanna imeachta meastóireachta agus dámhachtana neamhrialta agus conarthaí a eascraíonn astu, iarrann an Chomhairle ar an bhFondúireacht bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm agus a córais bhainistíochta agus rialaithe a neartú chun comhlíonadh iomlán an Rialacháin Airgeadais a áirithiú.

<u>**IARSCRÍBHINN 21**</u>

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCOMHAIRLE an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 16(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don bhliain airgeadais 2024, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/126/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT AGUS SLÁINTE AG AN OBAIR (EU-OSHA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Maidir le bainistiú buiséid, tugann an Chomhairle dá haire na rátaí arda athfhillteacha maidir le tabhairt anonn, a raibh 22.6 % de leithreasuithe neamhdhifreáilte na bliana mar thoradh orthu, le 33.3 % faoi Theideal II agus 43.3 % faoi Theideal III, tugtha ar aghaidh go 2025. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht gníomhaíocht feabhais a dhéanamh chun cásanna eile mar sin a chosc agus chun cur chun feidhme fónta a buiséid a ráthú.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú i leith chur chun feidhme bhuiséad an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 16(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú don bhliain airgeadais 2024, dá ngairtear an 'Foras' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí an Fhorais ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 74, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/127/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Fondúireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Fhorais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON <u>FHORAS EORPACH CHUN DÁLAÍ MAIREACHTÁLA AGUS OIBRE A FHEABHSÚ (EUROFOUND)</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Fhorais mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Fhorais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Maidir le bainistiú buiséid, tugann an Chomhairle dá haire na rátaí arda athfhillteacha maidir le tabhairt anonn, a raibh 15.1 % de leithreasuithe neamhdhifreáilte na bliana, 28.4 % faoi Theideal II agus 53.2 % faoi Theideal III, a tugadh ar aghaidh go 2025, mar thoradh orthu. Cé go n-aithníonn an Chomhairle gníomhaíochtaí an Fhorais chun feabhas a chur ar a phleanáil buiséid, meabhraítear di a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB[1] ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin, agus go háirithe Airteagal 63(11) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais don bhliain airgeadais 2024 agus ar chlár comhardaithe an 31 Nollaig 2024 Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, dá ngairtear ‘Eurojust’ anseo feasta, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí Eurojust ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

1 IO L 295, 21.11.2018, lch. 138, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1727/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad Eurojust chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Riaracháin Eurojust i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR CEARTAIS CHOIRIÚIL (EUROJUST)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla Eurojust mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais Eurojust, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle gur lean Eurojust d'íocaíochtaí a dhéanamh in 2024 a bhaineann le nós imeachta soláthair a mheas an Chúirt a bheith neamhrialta in 2020 agus iarrann sí ar Eurojust bearta feabhais a chur i bhfeidhm agus comhlíonadh iomlán a nósanna imeachta soláthair leis an Rialachán Airgeadais a áirithiú.

Molann an Chomhairle do Eurojust a phleananna leanúnachais gnó ó 2021 a thabhairt cothrom le dáta, agus trí phlean athshlánaithe ó thubaiste a bhunú do chórais TF freisin.

Tugann an Chomhairle dá haire an cleachtas athfhillteach maidir le híocaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den spriocdháta dlíthiúil agus iarrann sí ar Eurojust a bainistiú buiséid a leigheas agus a fheabhsú.

<u>**IARSCRÍBHINN 24**</u>

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha[1], agus go háirithe Airteagal 21(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2024, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

[1] IO L 53, 22.2.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/168/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA (FRA)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire na rátaí arda athfhillteacha maidir le tabhairt anonn, a raibh 20.9 % de leithreasuithe neamhdhifreáilte na bliana mar thoradh orthu, agus 64.8 % faoi Theideal III, tugtha ar aghaidh go 2025. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht feabhas a chur ar a bainistiú buiséid.

Tugann an Chomhairle dá haire an cleachtas athfhillteach maidir le híocaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den spriocdháta dlíthiúil, le húis ar íocaíocht dhéanach mar thoradh, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht a bainistiú buiséid a leigheas agus a fheabhsú.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil**
**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus an Gréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (leagan códaithe)[1], agus go háirithe Airteagal 13(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Comhshaoil Eorpaí don bhliain airgeadais 2024, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

[1] IO L 126, 21.5.2009, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/401/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT EORPACH COMHSHAOIL (EEA)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart agus maidir leis na córais bhainistíochta agus rialaithe, go háirithe maidir le cur chun feidhme an chonartha soláthair agus an rian iniúchóireachta. Is díol sásaimh don Chomhairle an ghníomhaíocht feabhais a rinneadh go dtí seo agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht nósanna imeachta a athbhreithniú agus a fheabhsú a thuilleadh chun comhlíonadh iomlán an Rialacháin Airgeadais a áirithiú.

Tugann an Chomhairle dá haire na rátaí arda athfhillteacha maidir le tabhairt anonn, a raibh 16.3 % de leithreasuithe neamhdhifreáilte na bliana mar thoradh orthu, agus 44.5 % faoi Theideal III, tugtha ar aghaidh go 2025. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht feabhas a chur ar a bainistiú buiséid.

Tugann an Chomhairle dá haire freisin cleachtas athfhillteach na Gníomhaireachta íocaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den sprioc-am dlíthiúil agus aithníonn sí ag an am céanna nár gearradh aon ús ar íocaíochtaí déanacha in 2024, chomh maith le gealltanas na Gníomhaireachta aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní sin.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach**

**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (códaithe)[1], agus go háirithe Airteagal 45(11) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

[1] IO L 83, 25.3.2019, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/473/oj.
[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM RIALÚ AR IASCACH (EFCA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht feabhas a chur ar a nósanna imeachta soláthair, go háirithe maidir leis na critéir dhámhachtana maidir leis an luach is fearr ar airgead a chosaint, chomh maith le seiceálacha leordhóthanacha ar dhearbhuithe ó shaineolaithe náisiúnta ar iasacht a áirithiú, ar laige chórasach é.

Tugann an Chomhairle dá haire rátaí athfhillteacha arda na leithreasuithe a thugtar anonn, a raibh 22.2 % de leithreasuithe neamhdhifreáilte na bliana mar thoradh orthu, agus 38 % faoi Theideal III, tugtha ar aghaidh go 2025. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht an bainistiú buiséid a bhíonn ar bun aici a fheabhsú.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010[1], agus go háirithe Airteagal 55(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

1 IO L 468, 30.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2303/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**IARSCRÍBHINN 28**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011[1], agus go háirithe Airteagal 47(12) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

1 IO L 295, 21.11.2018, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1726/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

1 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH CHUN BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL A DHÉANAMH AR CHÓRAIS MHÓRSCÁLA TF SA LIMISTÉAR SAOIRSE, SLÁNDÁLA AGUS CEARTAIS (eu-LISA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Is cúis imní don Chomhairle na heasnaimh a shainaithin an Chúirt i nósanna imeachta soláthair na Gníomhaireachta, go háirithe maidir le céim mheastóireachta na dtairiscintí, chomh maith leis na rioscaí a bhaineann le dámhachtain an chonartha le haghaidh seirbhísí faireacháin agus cothabhála i ndáil leis an gCóras Faisnéise Víosaí, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht a cleachtais a leigheas agus a fheabhsú chun bainistíocht fhónta agus forálacha an Rialacháin Airgeadais a chomhlíonadh go hiomlán.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta**
**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624[1], agus go háirithe Airteagal 116(11) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi[3],

---

1 IO L 295, 14.11.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM AN nGARDA TEORANN AGUS CÓSTA (FRONTEX)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire rátaí athfhillteacha arda na leithreasuithe a thugtar anonn, a léiríodh le 43 % de leithreasuithe neamhdhifreáilte na bliana in 2024, lena n-áirítear 43 % de leithreasuithe faoi Theideal II agus 58 % de leithreasuithe faoi Theideal III, tugtha ar aghaidh go 2025. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht an bainistiú buiséid a bhíonn ar bun aici a fheabhsú.

Tugann an Chomhairle dá haire an cleachtas athfhillteach maidir le híocaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den spriocdháta dlíthiúil, rud a mbíonn ús ar íocaíochtaí déanacha mar thoradh air, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht an bainistiú buiséid a bhíonn ar bun aici a leigheas agus a fheabhsú, i ndáil leis sin freisin.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2219 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2005/681/CGB ón gComhairle[1] agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin, agus go háirithe Airteagal 20(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi[3],

---

1 IO L 319, 4.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2219/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM OILIÚINT I bhFORFHEIDHMIÚ AN DLÍ (CEPOL)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire an teagmhas cibearshlándála a tharla le linn na bliana tuairiscithe, rud a chuir isteach go mór ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla na Gníomhaireachta, agus is díol sásaimh di na bearta maolaitheacha a cuireadh i bhfeidhm cheana féin. Cé go n-aithníonn an Chomhairle tionchar na gcibirionsaithe ar íocaíochtaí a dhéanamh, a raibh moilleanna mar thoradh orthu, iarrann sí ar an nGníomhaireacht gníomhaíocht feabhais a dhéanamh maidir leis na híocaíochtaí déanacha agus cosc a chur ar chásanna eile mar sin.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**

**Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh**

**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Rialachán (AE) 2023/1322 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 maidir le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006[1], agus go háirithe Airteagal 41(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

[1] IO L 166, 30.6.2023, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1322/oj.

[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT <u>DO GHNÍOMHAIREACHT DRUGAÍ AN AONTAIS EORPAIGH (EUDA)</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle na neamhrialtachtaí a shainaithin an Chúirt i roinnt nósanna imeachta soláthair, de shárú ar fhorálacha an Rialacháin Airgeadais, a bhaineann le conarthaí a scoilteadh, easpa doiciméadachta agus foilseacháin, téarmaí tagartha neamhiomlána do chritéir bhunriachtanacha, agus easpa coiste meastóireachta nó cinneadh dámhachtana. Cé go n-aithníonn an Chomhairle freagra na Gníomhaireachta, cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais maidir le nósanna imeachta soláthair a chomhlíonadh agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht na cleachtais a bhíonn ar bun aici a athbhreithniú agus na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha soláthair go hiomlán.

Tugann an Chomhairle dá haire an cleachtas athfhillteach maidir le híocaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den spriocdháta dlíthiúil, rud a fhágann go mbíonn ús ar íocaíochtaí déanacha ann, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht an bainistiú buiséid a bhíonn ar bun aici a leigheas agus a fheabhsú.

**IARSCRÍBHINN 32**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí**

**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle[1] agus a ghabhann ionad na gCinntí sin, agus go háirithe Airteagal 60(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí, dá ngairtear 'Europol' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí ar ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh na freagraí ó Europol ar na barúlacha ón gCúirt léi[3],

---

[1] IO L 135, 24.5.2016, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj.

[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad Europol chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚIL A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT
DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH I nDÁIL LE COMHAR I bhFORFHEIDHMIÚ AN DLÍ (Europol)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla Europol mar a bhí an 31 Nollaig 2024, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais Europol, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2024 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire an ghníomhaíocht feabhais a rinne Europol tar éis bharúlacha na Cúirte in 2022 agus iarrann sí ar Europol bearta a dhéanamh chun go gcomhlíonfaí go hiomlán a rialacha inmheánacha agus forálacha an Rialacháin Airgeadais, go háirithe maidir le hincháilitheacht le haghaidh CBL agus íocaíochtaí.

<u>**IARSCRÍBHINN 33**</u>

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt d'Ard-Stiúrthóir**

**na Gníomhaireachta Soláthair Euratom**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**na Gníomhaireachta Soláthair Euratom**

**don bhliain airgeadais 2024**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2008/114/CE, Euratom ón gComhairle an 12 Feabhra 2008 lena mbunaítear Reachtanna do Ghníomhaireacht Soláthair Euratom[1], agus go háirithe Airteagal 8(9) den Iarscríbhinn a ghabhann leis,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntas ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Soláthair Euratom, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, don bhliain airgeadais 2024 agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2024, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

1 IO L 41, 15.2.2008, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/114(1)/oj.
2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
3 IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt d'Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*